

ROINNT LITREACHA

D'Eagarthóir *Inniu* ó Tharlach Ó hUid, 7 Mártá.

A chara,

Biodh is nach dócha go bhfuil Gaeilgeoir sa tir nach n-aontódh le bunús dár dhúirt Deasún Fennell ina alt "Iosrael in Iarchonnacha," chuir sé iarracht d'ímní ormsa. Agus ní hé nach bhfáilteoinn roimh thionscnamh mar é siúd atá molta aige nó nach n-aithním an riachtanas atá lena leithéid ach gur contúirteach liom an bealach ar chuir sé inár láthair é.

Droch-chomhartha é, dar liom, go dtáinig ár seanchara Mr. Morris amach as a phluais chun a bheannacht a thabhairt ar an scéim (ráiteas ar an *Irish Times*). Sea, ar seisean go lúcháireach imíodh na "Gaeil" go hIar-Chon-nachta, cinnte: réiteoidh sé sin fadhb na Gaeilge "Éigeantai" — agus mura dtoilionn siad an íobairt a dhéanamh agus dul siar, ar ndóigh, is cruthú é sin nach bhfuil siad dáiríre!

D'ordair Cromaill na Gaeil siar go Connachta nó síos go hIfreann, agus ní haon Tír Tairngire é ceachtar den dá dhúiche sin ní ionann agus Iosrael. Nó níl aon chosúlacht dáiríre idir an rud atá molta ag Deasún agus gníomh-aiocht na Síonaithe in Iosrael. Chruinnigh na Giúdaigh Scapthe as gach cearn den saol agus thug aghaidh ar an Talamh Naofa — a mbunús ar bheagán Eabhráise ach fonn orthu í a fhoghlaim. Bhunaigh siad a gcuide kibbuzim i measc phobal nach raibh Eabhráis acu ach an oiread.

Ní Conamara ach Éire na gCúig mBeann ár dTír Tairngire, ár dTalamh Naofa féin, a Dheasúin (labhraimse mar dhuine de na Gaeil Scapthe a d'fhill uirthí), agus cé gur tairbheach an ní é gach iarracht chun an fásach a chur ag bláthú mar rós, is é ár gcuspóir i ndeireadh na dála "Iarúsailéim" a thógáil in "Erin's green and pleasant land." Más mian linn sampla na nGiúdach a leanúint, ní san Iarthar amháin is gá "kibbuzim" a bhunú, ach i ngach contae in Éirinn. Ardaímis an bhratach san Iarthar, cinnte ach coinnímis ar foluain go bródúil i gcathracha na hÉireann fosta í; is anseo a throid agus a d'éag an Piarsach ar a son.

Baile Átha Cliath

TARLACH Ó HUID

A chara,

San alt liom ar *Inniu* (28 Feabhra) mhol mé “saol beag iomlán fichiú haoise” a thógáil in Iarchonnachta mar “bhunáit” don nGaeilge. Dúras go raibh sé riachtanach, mar chuid de sin, go bhfódódh gluaiseacht na Gaeilge “a ceanncheathrú náisiúnta” thiart.

Ach ceapann Tarlach Ó hUid go bhfuil sé in easaontas liom nuair a deir sé: “Ní Conamara ach Éire na gCúig mBeann ár dTír Tairngire” agus “is é ár gcuspóir i ndeireadh na dála ‘Iarúsailéim’ a thógáil in ‘Erin’s green and pleasant land.’”

Anois, i gcead do Tharlach, nach dtuigeann sé Gaeilge? Scríobh mé “bunáit” agus scríobh mé “ceanncheathrú náisiúnta.” Sílim gurb é atá ag cur as dó ná an aicid chéanna dhearcaidh atá ag cur as do Ghaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath i gcoitinne: nach féidir leo a shamhlú níos mó, in ainneoin stair na hÉireann, go mbeadh “ceanncheathrú náisiúnta” nó “bunáit” għluais-eachta náisiúnta ar bith in aon áit eile ach i mBaile Átha Cliath! Ní thuig-eann siad níos mó — tá siad chomh fada sin ar deoraíocht ón réaltacht — gurb é an gnáthrud i dtír ar bith ar domhan troid ar son teanga a dhéanamh go priomhúil *san áit ina bhfuil an teanga sin á labhairt go coitianta*.

Agus rud eile dhe, dar leis an meon seo gur áiteanna éagsúla iad “an Ghaeltacht” agus “Erin’s green and pleasant land”; is é sin, rud a déantar sa nGaeltacht ní déantar in “Ireland” é ach i gcineál éigin *reservation* Gaelach! I bhfocail eile, tá tuiscint Tharlaigh agus a leithéidí ar an rud atá molta agam anchóngarach do thuiscint Christopher Morris air — ach tá an breall ar fad ar Mr. Morris, rud nach gcuireann imní dá laghad orm.

Agus ag trácht ar “Thír Tairngire” dúinn má léann Tarlach arís scribhinní għluaiseacht na Gaeilge nuair bhí sí óg agus in ard a réime stáiriúla tuigfidh sé *go raibh* Tír Tairngire na gluaiseachta i gConamara agus in Iarchonnachta. Tuigfidh sé ansin gur thug gluaiseacht na Gaeilge cùl ar an Tír Tairngire sin ar son “instant power” — cumhacht chomhchoitianta agus cumhacht indibhidiúil agus cumhacht fholamh “oifigiúil” don nGaeilge — i mBaile Átha Cliath. B’šin í an straitéis nár éirigh léi go nuige seo (mar do scríobh mé) seilbh a bhaint amach don nGaeilge ar shráid ná ar shráidbhaile amháin in “Erin’s green and pleasant land.” Tá mé ag moladh straitéise eile.

O Tharlach Ó hUid, 28 Márta

A chara,

Nil rún dá laghad agam dul chun conspóide le Deasún Fennell, ach má shíleann sé gur ag cur in éadan a mholtáí faoi shaol beag iomlán fichiú haoise a thógáil in Iar-Chonnachta a bhí mé caithfidh mé a fiafraí de an

dtuigean sé féin Gaeilge? Mar nior lochtaigh mise ach amháin an *bealach* ar chuir sé an moladh sin inár láthair, is é sin le caint sheachránaíoch faoi Iosrael agus faoi kibbutzim — nuair nach bhfuil dar liomsa, ach an chosúlacht is caoile idir fadhb is éachtaí na nGiúdach agus ár gcás féin.

Dála an scéil, ní chuireann naimhde na Gaeilge inní dá laghad ar Dheasúin, deir sé. Ach chuirfeadh sé inní ormsa, dá mba mise eisean, an LFM agus Gaeilgeoiriú dúthrachtacha a bheith ar aon fhocal agus iad araon ag baint an chiall mhícheart chéanna as mo theagasc (i.e. teagasc Uí Fhionnail) agus a chur as a ríocht.

Agus tá sé sin tosaithe cheana féin: an namhaid ag cur fímineacht i leith na n-eagras atá ag iarraidh tuilleadh cabhrach don Ghaeltacht agus atá ag caoineadh bánú na Gaeltachta le linn dá bpriomh-oifigiú féin a bheith sa phriomhchathair; an cara ag maíomh go léireoidh an griosú nua seo cé hiad na fior-Ghaeilgeoiriú agus cé hiad lucht chur i gcéill.

Fan go bhfeice tú a Dheasúin. An imirce go Conamara an tsalt tomhais lena ndéanfar “dáiríreacht” Gaeilgeoiriú a thomhas ar ball beag, agus is gairid go raibh muid uilig ag síneadh na méire agus ag cùlchaint ar a chéile!

Agus ní Tír Tairngire ach “iobairt phraiticiúil” an port atá ag do lucht leanúna, a Dheasúin. Ní raibh agatsa i dtús ama ach “anailís” (rud a mheabhráigh tú dúinn arís agus arís eile); ach tá soiscéal déantaanois di, agus cheana féin tá leaganacha truaillithe den soiscéal sin á gcarolú ag “deisceabail” óga, agus cáineadh fraochmhar á dhéanamh in ainm an Mháistir ar an té nach ngéillfeadh gan cheist dá mbriathra.

Cibé ar bith, an fior duit go gcaithfear rogha a dhéanamh idir An Ghluaiseacht agus Athbheochan na Gaeilge? Tá’s agam, tá’s agam; ní hé sin díreach a bhí i gceist agat, bhí brí ar leith agat leis na focail. Mar sin féin dúirt tú é — agus bhain a lán daoine bunbhriú lom na bhfocal astu.

Athbheochan an cuspoír; an Ghluaiseacht an gléas, agus ní léir dom go dtiocfad linn a theacht gan an gléas céanna.

Cinnte, caithfear cos a chur i dtaca sa Ghaeltacht, agus caithfear cúpla buíon de shaighdiúirí oilte dílse a chur siar chun an garastún i ndaingean an Iarthair a athneartú agus an t-imshuí a bhaint de nó, ar a laghad, a mhaolú. Ach ná biodh fiú an chosúlacht ar an mbeart sin gur teitheadh nó cùltroid féin é.

Is fior má thréigean an Ghaeltacht a dúchas nach bhfuil i ndán don teanga sa chuid eile den tír ach a bheith ina hornáid ócайдeach nó ina caithcamh aimsire agus í á “caomhnú” i gconaí go dtiocfad an lá a dtuirseodh pobal an oiléán seo den chúram neamhthairbheach úd. Tá sé chomh fior céanna má chaillimid an cath sna cathracha nach mairfidh an Ghaeltacht, ach b’fhéidir — taitníodh an téarma le Deasún nó ná taitníodh — mar “reservation” agus mar feic do thurasóirí ón iasachta.

A chara,

I mo thuairimse nil duine ar eolas ag Gluaiseacht (?) na Gaeilge faoi láthair is tábhacthaí ná Deasún Fennell — sin cé nach bhfuil sé ceangailte, chomh fada agus is eol dom, le heagraiocht Ghaeilge ar bith. Is é an t-aon duine amháin é a bhfuil plean aige; plean ar fiú plean a thabhairt air.

Ó chuir sé "Iosrael in Iarchonnachta" os comhair an phobail, idir Ghaeilge agus Bhéarla chuala mé dhá bharúil áirithe tugtha faoi ar fiú smaoini-amh orthu:

- (i) "It's a damn good plan. At least it might cut out the bluffers. Anyone, even myself would have faith in a scheme like that."
- (ii) "Chuala muid cheana go minic an rud adúirt sé, 'tá ré na cainte thart'; chuile sheachtain deirtear é ag cruinniú Gaeilge in áit éicint."

Maidir leatsa a uimhir (ii), is léir gur mó d'aird ar phropaganda leibideach, neamhéifeachtach gan taca fhormhór na n-eagras Gaeilge ná ar an ngníomh phraitimíúil féin.

Agus maidir le litir Tharlaigh Uí Uid a foilsiodh cúpla seachtain ó shin, nil a fhios agamsa beo cén dallamullóg atá á bhualadh. An é nach bhfuil níos mó ná 2,000 Gaeilgeoir (an uimhir ba ghá dar le Fennell) sa Ghalltacht ar fad, a Tharlaigh?

Fair play duit, a Dheasúin. Tá siad dúisithe agat mura mbeadh ann ach é.